Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

P9_TA(2022)0197

Neamhagóid i dtaobh gníomh tarmligthe: forálacha idirthréimhseacha le haghaidh deimhnithe cigireachta a eisítear san Úcráin

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa maidir le gan aon agóid a dhéanamh i gcoinne rialachán tarmligthe ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 a mhéid a bhaineann leis na forálacha idirthréimhseacha le haghaidh deimhnithe cigireachta a eisítear san Úcráin (C(2022)02164 – 2022/2637(DEA))

(2022/C 465/25)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don rialachán tarmligthe ón gCoimisiún (C(2022)02164),

— ag féachaint do litir ón gCoimisiúin an 11 Aibreán 2022 ag iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa a dhearbhú nach ndéanfaidh sí aon agóidí i gcoinne an rialacháin tharmligthe,

— ag féachaint do litir an 20 Aibreán 2022 ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe chuig an gCathaoirleach ar Chomhdháil Chathaoirligh na gCoistí,

— ag féachaint d'Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1], agus go háirithe Airteagal 38(8), pointe (a)(ii), Airteagal 46(7), pointe (b), agus Airteagal 57(3) de,

— ag féachaint do Riail 111(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh le haghaidh cinneadh ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

— ag féachaint don fhíoras nach ndearnadh aon agóidí laistigh den tréimhse a leagtar síos i Riail 111(6), sa tríú fleasc agus sa cheathrú fleasc, dá Rialacha Nós Imeachta, ar tréimhse í a chuaigh in éag an 3 Bealtaine 2022,

A. de bhrí gurb é atá in ionradh na Rúise ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022 dúshlán eisceachtúil do na húdaráis rialaithe agus do na comhlachtaí rialaithe a aithníodh chun táirgí orgánacha a onnmhairiú ón Úcráin chuig an Aontas, dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, agus de bhrí go bhfuil cur isteach ar sheirbhísí poist san Úcráin freisin;

B. de bhrí nach féidir le húdaráis rialaithe áirithe agus comhlachtaí rialaithe áirithe a aithnítear san Úcráin chun táirgí orgánacha a onnmhairiú chuig an Aontas deimhnithe cigireachta a eisiúint le ríomhshéala cáilithe (ríomhshéala), mar a cheanglaítear le hAirteagal 5(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 ón gCoimisiún [2], toisc nach bhfuil ríomhshéala ag na húdaráis rialaithe ná ag na comhlachtaí rialaithe sin go léir;

C. de bhrí nach féidir leis na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe úsáid a bhaint as an bhféidearthacht an deimhniú cigireachta a eisiúint ar pháipéar, i gcomhréir leis an bhforáil idirthréimhseach in Airteagal 11(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 ach an oiread, i bhfianaise go bhfuil cur isteach ar sheirbhísí poist san Úcráin faoi láthair;

D. de bhrí, i bhfianaise a thábhachtaí atá sé go bhféadfaí leanúint de tháirgí orgánacha a fhágann an Úcráin a onnmhairiú chuig an Aontas, gur mhol an Coimisiún i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 go gceadófaí d'údaráis rialaithe agus do chomhlachtaí rialaithe san Úcráin an deimhniú cigireachta a tháirgeadh go dtí an 30 Meitheamh 2022, agus go gceadófaí iad a chur isteach in TRACES i bhformáid leictreonach gan ríomhshéala a chur i bhfeidhm;

([1]) Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir leis na rialuithe oifigiúla i leith coinsíneachtaí de tháirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a bheartaítear a allmhairiú isteach san Aontas agus maidir leis an deimhniú cigireachta (IO L 461, 27.12.2021, lch. 13).

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

E. de bhrí, mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin agus ar an bhfreagairt láithreach a bhí riachtanach, gur cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an Rialachán seo ón 24 Feabhra 2022,

1. á dhearbhú nach bhfuil aon agóidí á ndéanamh aici i gcoinne an rialacháin tharmligthe;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.